2023/2216

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 100/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2254]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/822 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 1003/2013 agus (AE) 2019/360 a mhéid a bhaineann leis na táillí maoirseachta bliantúla a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar stórtha trádála le haghaidh 2021 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointí 31bcl (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1003/2013 ón gCoimisiún) agus 31bhf (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/360 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32021 R 0822**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/822 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 (IO L 183, 25.5.2021, lch. 1).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/822 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 386/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 183, 25.5.2021, lch. 1.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN